Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0069(COD)**

**8743/19**
**ADD 1**

**CODEC 996**
**PECHE 213**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN ó PHARLAIMINT Na hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**<u>Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hiascaigh áineasa</u>**

Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil sé ar cheann de na cuspóirí a leagtar síos sa Dearbhú MedFish4Ever ó Chomhdháil na nAirí a glacadh i Márta 2017 sraith rialacha bonnlíne a bhunú, a luaithe agus is féidir agus ar a dhéanaí faoi 2020, chun bainistiú éifeachtach na n-iascach áineasa ar fud na Meánmhara a áirithiú.

I gcomhréir leis an gcuspóir sin, tá sé mar chuid de Straitéis mheántéarma 2017-2020 an Choimisiúin Iascaigh Ghinearálta don Mheánmhuir (CIGM), i measc na ngníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme i limistéar CIGM, measúnú a dhéanamh ar thionchair iascach áineasa agus breithniú a dhéanamh ar na bearta bainistíochta is fearr chun na gníomhaíochtaí sin a rialú. Sa chomhthéacs sin, cuireadh meitheal d'iascaigh áineasa ar bun laistigh de CIGM d'fhonn modheolaíocht réigiúnach chomhchuibhithe a fhorbairt chun iascaigh áineasa a mheas.

Leanfaidh an Coimisiún dá chuid iarrachtaí laistigh de CIGM d'fhonn an cuspóir a leagtar síos sa Dearbhú MedFish4Ever a bhaint amach.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le coiréalach dearg**

Meabhraíonn an Coimisiún gur bearta sealadacha iad na bearta caomhnaithe a glacadh faoi chuimsiú an phlean bainistíochta oiriúnaithí réigiúnach i ndáil le saothrú coiréalaigh dheirg sa Mheánmhuir [Moladh CIGM/41/2017/5]. Maidir leis na beartais sin, ina n-áirítear an deis teorainneacha gabhála a thabhairt isteach, déanfaidh Coiste Comhairleach Eolaíoch (CCE) CIGM measúnú orthu in 2019 ionas go ndéanfaidh CIGM athbhreithniú orthu ag an 43ú seisiún bliantúil (Samhain 2019) dá chuid.